



ACMHAINN 2

Stair Chearta an Duine

Sorcóir Chíoras (539 r.C.)

I 539 R.C., rinne Cíoras Mór, céadrí na Peirse (an Iaráin sa lá atá inniu ann) cathair ársa na Babalóine (atá suite in Iaráic an lae inniu) a chur faoi chois. Tá na rialuithe a rinne Cíoras, a taifeadadh ar shorcóir agus atá fós ar marthain, fíorthábhachtach don chine daonna agus tugtar aitheantas dóibh mar an chéad chairt de chearta an duine. Shaor Cíoras sclábhaithe; d'fhógair sé go raibh sé de cheart ag gach duine a gcreideamh féin a roghnú agus bhunaigh sé comhionannas inscne, i measc rudaí eile.

An Magna Carta (1215)

I 1215, sháraigh Seon Rí Shasana cuid de na dlíthe agus nósanna ársa faoina mbíodh Sasana á rialú agus chuir roinnt daoine a bhí faoina riail faoi deara dó an Magna Carta a shíniú. Doiciméad a bhí ansin a chuir d'iachall air urraim a thabhairt do chearta áirithe. I measc na gcearta sin, bhí cearta na heaglaise a bheith saor ó chur isteach ón rialtas, cearta a bheith ag gach saoránach a raibh stádas saordhuine aige úinéireacht a bheith aige ar a mhaoin féin agus maoin a fháil le hoidhreacht chomh maith le cosaint a fháil ó chánacha iomarcacha. Leis an gCairt sin, bunaíodh cearta do bhaintreacha nár ghá dóibh athphósadh murar mhian leo é agus leagadh síos prionsabail na próise cuí agus an chomhionannais os comhair an dlí. Bhí forálacha freisin ann a thoirmisc breabaireacht agus mí-iompar oifigiúil.

Achainí um Chearta (1628)

Sa bhliain 1628, thug Parlaimint Shasana isteach an Achainí um Chearta agus cuireadh ar aghaidh chuig Rí Séarlas I í mar ráiteas ar shaoirsí sibhialta. Bhí diúltaithe ag an bParlaimint beartas eachtrach an rí a mhaoiniú, beartas nach raibh mórán tóir air agus a thug ar rialtas an rí iasachtaí a fháil in aghaidh a dtola agus trúpaí a chur ar ceathrú i dtithe daoine mar bheart chun airgead a spáráil. Daoine a chuir in aghaidh bheartais seo an rí, rinneadh iad a ghabháil go treallach agus a chur i bpríosún agus cothaigh sé sin naimhdeas fíochmhar sa Pharlaimint in aghaidh an rí. Ba é Sir Edward Coke a thionscain an Achainí um Chearta, agus bhí ceithre phrionsabal san achainí sin: (1) Ní fhéadfar aon cháin a ghearradh gan toiliú na Parlaiminte; (2) Ní fhéadfar dílseánaigh a chur i bpríosún gan cúis chuige sin a bheith léirithe; (3) Ní fhéadfar saighdiúirí a chur ar ceathrú i measc na saoránach; agus (4) Ní fhéadfar dlí airm a úsáid ag tráth síochána.

Dearbhú Neamhspleáchais na Stát Aontaithe (1776)

Rinneadh an Dearbhú Neamhspleáchais a fhorpheas i gComhdháil na Stát Aontaithe sa bhliain 1776 agus go deimhin is bonn cirt foirmiúil a bhí ann don neamhspleáchas ón mBreatain Mhór. Cuireadh béim ar dhá théama sa Dearbhú: cearta an duine aonair agus an cearta chun réabhlóide. Bhí glacadh go forleathan ag na Meiriceánaigh leis na smaointe sin agus scaip siad go hidirnáisiúnta freisin; bhí tionchar acu go háirithe ar Réabhlóid na Fraince.



Bille na gCeart (1791)

Scríobhadh Bunreacht Stáit Aontaithe Mheiriceá i 1787. An 15 Nollaig 1791, ghabh éifeacht leis an gcéad deich leasú ar an mBunreacht (Bille na gCeart), rud a chuir teorainn le cumhachtaí rialtas cónaidhmeach na Stát Aontaithe agus a chosain na cearta a bhí ag na saoránaigh, na cónaitheoirí agus na cuairteoirí uile a bhí i gcríoch Mheiriceá. I mBille na gCeart, tugtar cosaint don tsaoirse cainte, don tsaoirse reiligiúin, don cheart airm a shealbhú agus a iompar, don tsaoirse chun tionóil agus don tsaoirse achainí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, toirmisctear ann cuardach agus gabháil neamhréasúnach, pionósú cruálach agus neamhghnách agus féinchiontú in aghaidh tola. I measc na gcosaintí dlíthiúla a thugtar le Bille na gCeart, cuirtear toirmeasc ar an rialtas cónaidhmeach a bheatha, a shaoirse nó a mhaoin a bhaint de dhuine ar bith gan próis chuí an dlí. Maidir le cásanna coiriúla cónaidhmeacha, éilítear sa Bhille go mbeadh díotáil ó mhórghíúré ann i gcás cionta báis nó i gcás coireanna easonóraithe; ráthaítear ann go mbeidh triail phoiblí luath ann os comhair giúiré neamhchlaon sa cheantar inar tharla an choir, agus toirmisctear duine a chúiseamh faoi dhó sa chion céanna.

Dearbhú Chearta an Duine agus an tSaoránaigh (1789)

Is é a bhí mar aidhm ag Dearbhú Chearta an Duine agus an tSaoránaigh ná deireadh a chur leis an monarcacht oidhreachtúil thraidisiúnta agus ina ionad sin institiúidí nua a thabhairt isteach a bheadh bunaithe ar phrionsabail na hEagnaíochta – gluaiseacht fhealsúnach a bhí ann san 18ú haois. Sa bhliain 1789, chuir muintir na Fraince deireadh iomlán leis an monarcacht agus réitigh siad an bealach do chéad Phoblacht na Fraince, agus go garr ina dhiaidh sin tháinig ann do Dhearbhú Chearta an Duine agus an tSaoránaigh. Fógraíonn an Dearbhú go ráthaítear do na saoránaigh uile na cearta a ghabhann le ‘saoirse, maoin, slándáil agus cur in aghaidh na géarleanúna’. Áitítear ann go bhfuil gá le dlí a dhíorthaíonn ón bhfíoras ‘nach féidir srian a chur le cearta nádúrtha an duine ach amháin sa mhéid gur gá sin chun gur féidir le gach duine eile sa tsochaí na cearta céanna a bheith acu’. Ar an gcaoi sin, is é an tuscint ar an dlí atá sa Dearbhú ná gur ‘léiriú ar thoil na coitiantachta’ atá ann, agus go bhfuil sé beartaithe chun comhionannas na gceart a chur chun cinn agus gurb é an t-aon rud a dhéantar a thoirmeasc ná ‘na gníomhartha sin a dhéanann díobháil don tsochaí’. Rinneadh tagairt sa Dearbhú don tsaoirse, is é sin le rá saoirse creidimh, saoirse an phreasa agus an tsaoirse a bheith slán ó rialtas neamhréasúnach (e.g. céastóireacht, cinsireacht).

Céad-Choinbhinsiún na Ginéive (1864)

In 1864, ar chuireadh ó Chomhairle Chónaidhmeach na hEilvéise agus ar thionscnamh Choiste na Ginéive, d’fhreastail 16 tír Eorpacha agus roinnt stát as Meiriceá ar chomhdháil sa Ghinéiv. Rinneadh an chomhdháil taidhleoireachta a chomóradh chun go nglacfaí coinbhinsiún maidir le cóireáil do shaighdiúirí a goineadh i gcomhrac. Sna príomhphrionsabail a leagadh síos sa Choinbhinsiún, agus a coinníodh i leaganacha níos déanaí de Choinbhinsiún na Ginéive, rinneadh foráil don oibleagáid a bheith ann cúram gan idirdhealú a dhéanamh do phearsanra míleata a bhí gonta nó breoite agus foráladh ann freisin go dtabharfaí urraim do phearsanra liachta le linn taistil dóibh agus go mbeadh a gcuid feithiclí agus a dtrealamh marcáilte le comhartha soiléir i.e. cros dhearg ar chúlra bán.



Na Náisiúin Aontaithe (1945)

Nuair a bhí deireadh ag teacht leis an Dara Cogadh Domhanda, bhí cathracha ar fud na hEorpa agus na hÁise scriosta, millte. Bhí na milliúin daoine marbh, gan dídean nó ag fáil bháis den ocra. In Aibreán 1945, tháinig toscairí ó chaoga tír i bhfail a chéile in San Francisco agus iad lán soirbhíochais agus dóchais. Ba é a bhí mar sprioc ag Comhdháil na Náisiúin Aontaithe ná comhlacht idirnáisiúnta a chruthú chun síocháin a chur chun cinn agus a chinntiú nach mbeadh cogáí ann amach anseo. Leagadh amach idéil na heagraíochta sa bhrollach a cuireadh leis an gcairt a bhí beartaithe acu: ‘Táimidne, pobail na Náisiúin Aontaithe, díongbháilte ar ghlúin i ndiaidh glúine a shábháil ó scéin an chogaidh, rud a d’fhág an cine daonna faoi mhórdhólás faoi dhó lenár linn.’ Ghabh éifeacht le Cairt na heagraíochta nua seo, i.e. na Náisiúin Aontaithe, an 24 Deireadh Fómhair 1945, dáta a ndéantar comóradh air gach bliain mar Lá na Náisiúin Aontaithe.

An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (1953)

Tháinig an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine i bhfeidhm i 1953. Ba é an chéad ionstraim é a thug éifeacht do líon áirithe de na cearta a luaitear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus tugann sé ceangal dlí dóibh. Sa bhreis air sin, bunaíodh sásra cosanta in Strasbourg chun scrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar an gCoinbhinsiún agus chun a áirithiú go mbeadh stáit is páirtí don Choinbhinsiún ag comhlíonadh na ngealltanais a tugadh faoin gCoinbhinsiún. Sa chomhtheács sin, cuireadh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ar bun i 1959. Aon duine a mheasann go bhfuil sárú déanta ag stát is páirtí don Choinbhinsiún ar na cearta atá aige nó aici faoin gCoinbhinsiún, féadfaidh sé cás ina thaobh sin a thabhairt os comhair na Cúirte. Breithiúnais a chineann go ndearnadh sárú, tá siad ceangailteach ar na stáit i dtrácht agus tá sé d’oibleagáid ar na stáit sin na breithiúnais a fhorghníomhú.

Foinse: An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine

<http://www.echr.coe.int/pages/home.aspx?p=basictexts>